Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 11 Deireadh Fómhair 2018**
**(OR. en)**

**13079/18**

**DAPIX 309**
**CRIMORG 129**
**ENFOPOL 494**
**ENFOCUSTOM 198**
**JAI 995**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| An: | 11 Deireadh Fómhair 2018 |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 12459/18 |
| Ábhar: | Conclúidí ón gComhairle maidir le cur chun feidhme na bhforálacha ginearálta i ndáil le cosaint sonraí, atá i gCaibidil 6 de Chinneadh 2008/615/CGB ón gComhairle<br>- Meastóireacht a dhéanamh ar an Ríocht Aontaithe maidir le sonraí DNA a mhalartú go huathoibríoch |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo, na Conclúidí ón gComhairle maidir le cur chun feidhme na bhforálacha ginearálta i ndáil le cosaint sonraí, atá i gCaibidil 6 de Chinneadh 2008/615/CGB ón gComhairle, a ghlac an Chomhairle, ag an 3641ú cruinniú dá cuid, ar an 11 Deireadh Fómhair 2018.

**IARSCRÍBHINN**

**CONCLÚIDÍ ÓN gCOMHAIRLE**

**maidir le cur chun feidhme na bhforálacha ginearálta i ndáil le cosaint sonraí atá i gCaibidil 6 de Chinneadh 2008/615/CGB ón gComhairle**

**Meastóireacht a dhéanamh ar an Ríocht Aontaithe maidir le sonraí DNA a mhalartú go huathoibríoch**

1. De réir Airteagal 25(2) de Chinneadh 2008/615/CGB ón gComhairle, ní sholáthrófar na sonraí pearsanta dá bhforáiltear faoin gCinneadh go dtí go mbeidh na forálacha maidir le cosaint sonraí atá leagtha amach i gCaibidil 6 den Chinneadh curtha chun feidhme i ndlí náisiúnta chríocha na mBallstát a bhfuil baint acu leis an soláthar sin. Ní mór don Chomhairle cinneadh d'aon toil cé acu ar comhlíonadh an coinníoll sin nó nár comhlíonadh. Níl feidhm ag an bhforáil sin i dtaca leis na Ballstáit sin ina bhfuil tús curtha cheana le soláthar sonraí pearsanta dá bhforáiltear de bhun "Conradh Prüm" (2005).

2. De réir Airteagal 20 de Chinneadh 2008/616/CGB, is ar bhonn tuarascáil mheastóireachta arna bunú ar cheistneoir is ceart comhlíontacht an choinníll thuasluaite a fhíorú. Maidir le sonraí a mhalartú go huathoibríoch i gcomhréir le Caibidil 2 de Chinneadh 2008/615/CGB, is ceart an tuarascáil mheastóireachta a bhunú, ina theannta sin, ar chuairt mheastóireachta agus treoirthionscadal.

3. De réir phointe 1.1 de Chaibidil 4 den Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh 2008/616/CGB, baineann an ceistneoir a dhréachtaigh meitheal ábhartha na Comhairle le gach ceann de na malartuithe uathoibríocha sonraí agus ní mór do Bhallstát é a fhreagairt a luaithe agus a chreideann sé go gcomhlíonann sé na réamhriachtanais le haghaidh sonraí a chomhroinnt sa chatagóir sonraí ábhartha.

4. Tá an ceistneoir maidir le cosaint sonraí agus an ceistneoir maidir le malartú sonraí DNA comhlánaithe ag an Ríocht Aontaithe. Chuir an Ríocht Aontaithe, an Ostair agus an Ghearmáin treoirthionscadal rathúil i gcrích in éineacht le chéile. Tugadh cuairt mheastóireachta ar an Ríocht Aontaithe agus rinne foireann measúnaithe na hOstaire/na Gearmáine/na Fraince tuarascáil ar an gcuairt mheastóireachta, tuarascáil a cuireadh ar aghaidh chuig meitheal ábhartha de chuid na Comhairle (11545/18 JAI 827 DAPIX 257 CRIMORG 110 ENFOPOL 418 ENFOCUSTOM 172).

5. Tíolacadh tuarascáil meastóireachta foriomláine don Chomhairle ina ndéantar achoimre ar thorthaí an cheistneora, na cuairte meastóireachta agus na trialach píolótaí maidir le malartú sonraí DNA (11869/1/18 REV 1 DAPIX 263 CRIMORG 115 CT 141 ENFOCUSTOM 175 ENFOPOL 432 JAI 849).

6. Ag an gcruinniú a bhí ag an Meitheal um Malartú Faisnéise agus um Chosaint Sonraí (DAPIX) ar an 17 Meán Fómhair 2018, tugadh d'aire go gcomhaontaíonn gach Ballstát atá faoi cheangal ag 2008/615/CGB go bhfuil na coinníollacha comhlíonta chun go measfaidh an Chomhairle gurb amhlaidh, chun críocha malartaithe uathoibríoch sonraí i ndáil le sonraí DNA, go bhfuil na forálacha ginearálta maidir le cosaint sonraí i gCaibidil 6 de Chinneadh 2008/615/CGB curtha chun feidhme ina n-iomláine ag an Ríocht Aontaithe.

7. Ar an mbonn sin, measann an Chomhairle gurb amhlaidh, chun críocha malartaithe uathoibríoch sonraí i ndáil le sonraí DNA, go bhfuil na forálacha ginearálta maidir le cosaint sonraí i gCaibidil 6 de Chinneadh 2008/615/CGB curtha chun feidhme ina n-iomláine ag an Ríocht Aontaithe.

8. Ina theannta sin, iarrann an Chomhairle go ndéanfaidh an Ríocht Aontaithe, laistigh de 12 mhí ó mhalartú uathoibríoch sonraí a sheoladh, athbhreithniú ar an mbeartas atá aige comhaid sonraí DNA na n-amhrastach a eisiamh, i bhfianaise na taithí oibríochtúla le malartú sonraí DNA Prüm agus i bhfianaise na míniúchán sa tuarascáil ón gcuairt mheastóireachta (11545/18). Más rud é, faoin am sin, nach bhfuil fógra tugtha ag an Ríocht Aontaithe don Chomhairle go gcuireann sí comhaid sonraí DNA na n-amhrastach ar fáil, déanfaidh an Chomhairle, laistigh de thrí mhí, athbhreithniú ar an leanfar den mhalartú uathoibríoch sonraí leis an Ríocht Aontaithe nó an bhfoirceannfar é.